**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* N. A. K., E. A. K., Y. A. K.

*Cosantóir:* Bundesrepublik Deutschland

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagal 33(2)(d) de Threoir 2013/32/AE ([2]), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(q) den Treoir sin, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht Bhallstáit faoina bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh sa Bhallstát sin le diúltú toisc é a bheith do-ghlactha más rud é gur dhiúltaigh Ballstát eile go cinntitheach d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a taisceadh roimhe sin sa Bhallstát eile sin toisc é a bheith gan bhunús?

([1]) Tugtar ainm bréige sa chás seo, nach bhfreagraíonn d'fhíorainm aon pháirtí sna príomhimeachtaí.
([2]) Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (athmhúnlú) (IO 2013 L 180, lch. 60).

---

**Ordú ó Uachtarán na Cúirte an 7 Márta 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel Bucureşti – an Rómáin) – Imeachtaí coiriúla i gcoinne AR**

**(Cás C-179/22** ([1])**, AR)**

(2023/C 261/05)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

D'ordaigh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an cás a bhaint den chlár.

([1]) IO C 222, 7.6.2022.

---

**Ordú ó Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 7 Márta 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État – an Fhrainc) – Conseil national des barreaux, Conférence des bâtonniers, Ordre des avocats du barreau de Paris v Premier ministre, Ministre de l'Economie, des Finances et de la Relance, *i láthair:* Ordre des avocats du barreau des Hauts-de-Seine**

**(Cás C-398/21** ([1])**, Conseil national des barreaux agus páirtithe eile)**

(2023/C 261/06)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

D'ordaigh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an cás a bhaint den chlár.

([1]) IO C 382, 20.9.2021

---

**Ordú ó Uachtarán na Cúirte an 10 Márta 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Ard- Chúirt — Éire) — Z.K., M.S. v an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais**

**(Cás C-248/22** ([1])**, An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais)**

(2023/C 261/07)

*Teanga an cháis: an Béarla*

D'ordaigh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an cás a bhaint ón gclár.

([1]) IO C 237, 20.6.2022.